Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Lúnasa 2025**
**(OR. en)**

**12306/25**
**ADD 1**

**VETER 89**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Lúnasa 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 460 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>Moladh le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht, chun leas an Aontais Eorpaigh, maidir le hathbhreithniú ar an gComhaontú Idirnáisiúnta agus Reachtanna Orgánacha, na Rialacha Orgánacha, na Rialacha Airgeadais agus na Rialacha Ginearálta agus téacsanna eile de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 460 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 460 annex

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 28.8.2025
COM(2025) 460 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**Moladh le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht, chun leas an Aontais Eorpaigh, maidir le hathbhreithniú ar an gComhaontú Idirnáisiúnta agus Reachtanna Orgánacha, na Rialacha Orgánacha, na Rialacha Airgeadais agus na Rialacha Ginearálta agus téacsanna eile de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe**

# IARSCRÍBHINN

## TREORACHA MAIDIR LE CAIBIDLÍOCHT A DHÉANAMH AR ATHBHREITHNIÚ AR BHUNTÉACSANNA NA hEAGRAÍOCHTA DOMHANDA UM SHLÁINTE AINMHITHE (WOAH)

1. Faoi chuimsiú an Choiste Athbhreithnithe Rialachais a bunaíodh de bhun Rún Uimh. 12 a ghlac Comhthionól Domhanda Thoscairí na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH) an 30 Bealtaine 2024, lena gcuirtear fóram caibidlíochta ar fáil a chuimsíonn Comhaltas WOAH le hionadaithe ó gach réigiún, ionadaithe na mBallstát atá ina gComhaltaí den Choiste Athbhreithnithe Rialachais a dhéanann ionadaíocht ar Réigiún WOAH na hEorpa, déanfaidh siad ionadaíocht thar ceann an Aontais mar idirbheartaí agus díreoidh siad ar leasuithe ar bhuntéacsanna WOAH lena n-áirithítear solúbthacht agus inoiriúnaitheacht na socruithe rialachais is gá chun dul i ngleic go héifeachtach le cásanna atá ag teacht chun cinn.

2. Féachfaidh an t-idirbheartaí le toradh caibidlithe cuimsitheach a bhaint amach, lena gcuimsítear na cuspóirí agus na prionsabail a leagtar amach thíos, i bhfianaise Bhuntéacsanna athbhreithnithe WOAH atá oiriúnach dá bhfeidhm agus atá in ann tacú le hEagraíocht éifeachtúil, éifeachtach agus inbhuanaithe amach anseo. I gcaitheamh an phróisis sin, ionadaithe na mBallstát sin atá ina gComhaltaí den Choiste Athbhreithnithe Rialachais a údaraítear caibidlíocht a dhéanamh thar ceann an Aontais, déanfaidh siad comhordú, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, le Meitheal ábhartha na Comhairle.

3. Maidir le toradh inmhianaithe na caibidlíochta, le Buntéacsanna athbhreithnithe WOAH ba cheart féachaint leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

   a. sainordú WOAH a chomhdhlúthú agus a ról in ábhair a thagann faoina shainordú a neartú ar an leibhéal domhanda agus ar an leibhéal réigiúnach, agus socruithe sonracha á leagan amach an tráth céanna le haghaidh comhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha agus le páirtí leasmhara neamhrialtasacha, lena n-áirítear trí chur chuige an Aontais ‘Aon Sláinte Amháin’ a chur san áireamh;

   b. róil agus freagrachtaí Rúnaíocht WOAH a shoiléiriú, lena n-áirítear a hIonadaithe Réigiúnacha agus Foréigiúnacha agus róil agus freagrachtaí Thoscairí a Chomhaltaí, chomh maith le comhlachtaí rialachais WOAH amhail Comhthionól Domhanda na dToscairí, Comhairle WOAH agus Coimisiúin Réigiúnacha WOAH;

   c. cead a thabhairt d’eagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíoch ar aistrigh a Bhallstáit inniúlachtaí chucu i dtaca le hábhair a bhaineann le sainordú WOAH a bheith ina bpáirtithe i WOAH, agus páirt iomlán a ghlacadh in obair na heagraíochta;

   d. córas eolaíochta WOAH a neartú trí chomhlachtaí saineolaithe atá ann cheana a athchóiriú, trí trédhearcacht agus éifeachtacht méadaithe sa chinnteoireacht a áirithiú, lena n-áirítear i ndáil le caighdeáin idirnáisiúnta a leagan síos;

   e. rannpháirtíocht ghníomhach na gComhaltaí in obair WOAH a bhaint amach agus cur chun feidhme éifeachtach chaighdeáin idirnáisiúnta WOAH ag na Comhaltaí a mhéadú;

f. sásraí fónta airgeadais a bhunú atá bunaithe ar thrédhearcacht, ar chothroime agus ar dhlúthpháirtíocht, arb é is aidhm dóibh úsáid éifeachtúil a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil;

g. an próiseas a éascú maidir le Buntéacsanna WOAH a leasú a thuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais athraitheacha.

4. Ba cheart do na hionadaithe féachaint lena áirithiú go bhfuil Buntéacsanna WOAH comhsheasmhach le reachtaíocht ábhartha agus le beartais ábhartha an Aontais, agus le gealltanais an Aontais faoi chomhaontuithe iltaobhacha ábhartha eile freisin.